CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/2096 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 27 Deireadh Fómhair 2022

maidir le Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte a cheapadh do Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (EUMAM Ukraine/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/1968 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1968 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine).

(2) Foráiltear le hAirteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2022/1968 go bhfuil Ceannasaíocht Oiliúna Arm Comhcheangailte ilnáisiúnta (CAT-C) le bunú ar an leibhéal oibríochtúil.

(3) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2022/1968, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Ceannasaithe an Aontais Eorpaigh a cheapadh do EUMAM Ukraine, lena n-áirítear an Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte.

(4) An 21 Deireadh Fómhair 2022, mhol Ceannasaí Mhisean an Aontais go gceapfaí an Maorghinearál Piotr TRYTEK ina Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte.

(5) An 24 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an moladh sin.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Maorghinearál Piotr TRYTEK a cheapadh ina Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte do EUMAM Ukraine ón 27 Deireadh Fómhair 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Maorghinearál Piotr TRYTEK ina Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte do Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) ón 27 Deireadh Fómhair 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

([1]) IO L 270, 18.10.2022, lch. 85.